G.E.S.O.

Iompraíochtaí Luathlitearthachta i

Scoileanna Lán-Ghaeilge:

Tuairisc Taighde

Gabrielle Nig Uidhir
Peter McPolin

Clár

Leathanach

Buíochas 2

Cúlra Taighde 3

Torthaí Taighde:

- Léamh Téacs Leanúnaigh 4
- Cloisteáil agus Taifeadadh Fuaimeanna i bhFocail 11
- Coincheapa Cló 15
- Aithint Litreacha na Aibítre 18

Treoir do Mhúinteoirí 20

An Chéad 100 Focal Ard-Mhinicíochta as Leabhar Léitheoireachta Daltaí Lán-Ghaeilge, R1-R3. 24

Leabharliosta 25

Buíochas

Tugtar buíochas ó chroí do na daltaí agus do na múinteoirí lán-Ghaeilge a bhí rannpháirteach sa saothar taighde seo. Gabhaim buíochas le GESO a d'iarr an anailís seo, go háirithe d'Éamann Ó Faogáin, stiúrthóir an eagrais, agus le Ciste na Leanaí as an tacaíocht a thug siad do GESO. Tá mé buíoch de Phól Ó Mórdha, Comhairle na Gaelscolaíochta, as an chomhairle a thug sé ar ghnéithe den tionscnamh. Tugtar buíochas don Dr. Peter Mc Polin, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, as ionchur a shaineolais mhatamaitice agus ríomheolaíochta agus a thuairimíocht ar an iliomad gnéithe den anailís.

Cúlra Taighde

Bailíodh sonraí an tsaothair seo seo le linn tionscnaimh mhóir taighde, a rinneadh i gcomhar le Muintearas na Gaillimhe, chun *An Observation Survey of Early Literacy Achievement* a athfhorbairt i nGaeilge, 2001-2005. Is é an cuspóir a bhí leis an athfhorbairt sin ná tascanna measúnaithe sa luathlitearthacht a ullmhú sa Ghaeilge. Rinneadh an buntaighde sin i gcomhar le páirtnéirí i dtíortha eile ar mhaith leo áiseanna measúnaithe Marie Clay a bheith ar fáil ag a gcuid múinteoirí - sa Spáinn, sa tSlóvaic agus sa Danmhairg. Cuireadh céimeanna breise le tionscnamh taighde na Gaeilge chun trialacha iontaofachta a dhéanamh, scóir chaghnaonacha a oibriú amach agus an áis a fhorbairt le haghaidh foilsithe.

Tharla le linn na hoibre seo gur bailíodh cuid mhór sonraí a thug léargas glinn, suimiúil ar iompraíochtaí luathlitearthachta i measc daltaí Lán-Ghaeilge. Rinneadh an príomhthaighde le 261 dalta, ach nuair a chuirtear réamhthrialacha agus atástálacha san áireamh bhí thart faoi 500 dalta, Rang 1-4, rannpháirteach sa taighde. Cé go raibh freagraí cearta / míchearta de dhíth chun cuid de na scóir a oibriú amach, cuireadh iomlán na bhfreagraí isteach i mbunachar sonraí chun tairbhe a bhaint as an deis taighde agus foghlama seo agus barúil a fháil ar iompraíochtaí daltaí lán-Ghaeilge agus iad i mbun fhorbairt na luathlitearthachta. Mar thoradh ar an phríomhstaidéar, foilseofar Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht le linn 2005-6. Léirigh GESO suim sna sonraí breise agus d'eagraigh siad an tionscnamh anailíse seo a chuir ar chumas an údair am saor a fháil ón seomra ranga roimh dheireadh na scoilbhliana leis an anailís a dhéanamh. Cuirtear i láthair, sa tuairisc seo, anailís ar thrí cinn de na tascanna measúnaithe a rinneadh leis na daltaí. Tá súil agam go mbeidh spéis ag múinteoirí Lán-Ghaeilge san aiseolas seo.

Léamh Téacs Leanúnaigh

Cad iad na straitéisí a úsáideann daltaí agus iad ag léamh?

Cad is féidir a fhoghlaim trí pháiste a bhreathnú i mbun léitheoireachta? Nuair a éisteann múinteoirí le grúpaí daltaí ag léamh, in amanna mothaíonn siad faoi bhrú an grúpa a thiomáint ar aghaidh tríd ábhar an téacs, taifead a dhéanamh den leathanach nua atá bainte amach sa rang agus dul chun cinn sa tsraith léitheoireachta a chur i gcrích.

Nuair a phleanálann an múinteoir taifead reatha ar léamh téacs leanúnaigh, mar ghné den teagasc, is féidir aiseolas úsáideach a fháil ar an dalta aonair a thugann léargas ar na straitéisí léitheoireachta atá sé ag iarraidh a chur i bhfeidhm sa tasc léitheoireachta.

Is é an deacracht is mó a bhíonn ag múinteoirí le linn don dalta sliocht a léamh ná pointí teagaisc a dhéanamh ó am go chéile. Nuair a éisteann múinteoir le dalta ag tabhairt faoi phíosa téacs leanúnaigh a léamh chun taifead reatha a ghlacadh, ní thairgeann sé nó sí cuidiú agus ní dhéanann sé nó sí cur isteach ar an iarracht – ach amháin má iarrann an dalta focal. Seo ócáid nuair a bhíonn difear le sonrú idir measúnú agus cineálacha eile múinteoireachta. Mar sin de, tugtar gach deis don dalta a thaispeáint don mhúinteoir cad é is féidir leis a dhéanamh agus cén dóigh a dtéann sé nó sí i mbun oibre ar phíosa téacs.

Is fiú go mór breathnú ar dhaltaí i mbun léitheoireachta ar théacsanna difriúla. Beidh an léitheoir óg a bhfuil ag éirí leis ábalta tarraingt ar straitéisí éagsúla ar théacs dúshlánach agus ar straitéisí eile ar théacs atá ag leibhéal furasta. De réir mar a fhorbraíonn an léitheoir éifeachtach scileanna léitheoireachta agus a leathnaíonn sé an taithí léitheoireachta, bíonn deiseanna aige cumas idirdhealaithe a fhorbairt leis an rogha chuí straiteisí a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar théacsanna éagsúla. Cuidíonn na straitéisí seo leis an léitheoir óg fadhbfhuascailt a dhéanamh - ag seiceáil an ábhair, ag ceartú earráidí, ag déanamh réamhaithrise chun ciall a bhaint as téacs.

Seo thíos torthaí na dtaifead reatha a rinneadh ar 261 dalta Lán-Ghaeilge as ranganna 1-4. Léigh na daltaí sliocht as téacsanna ag leibhéal furasta (95-100% cruinn), leibhéal teagascach (90-94% cruinn) agus leibhéal deacair (80-89% cruinn). Léigh siad sleachta as na leabhair léitheoireachta a léitear go forleathan i seomraí ranga 1-4.

I ndiaidh don mhúinteoir an taifead reatha a dhéanamh, rinneadh anailís ar na hearráidí a bhí déanta ag an dalta, ag cuardach fianaise de na straitéisí a d'úsáid an dalta. Seo sampla de thaifead agus d'anailís:

Taifead Reatha

Lth	Sraith Loch Laoi 2 breise	Earráid	Féincheartú
12	Liam / Léim √ √	B S Ⓐ	
	√ √ √		
	√ is / sí | FC √	B S Ⓐ	ⒷⓈ A
	√ √ √ √ √		
	√ √ √ √ doras / teach	ⒷⓈ A	

Léim an liathróid.
Rith an liathróid.
Rith sí agus léim sí.
Léim sí agus rith sí.
Tháinig sí chuig an teach.

Taispeánann an anailís cad é is féidir leis an pháiste tabhairt faoi agus cad iad na leideanna a d'úsáid sé nuair a dúirt sé 'doras' in áit 'teach', mar shampla. Is léir go bhfuil ciall ag an dalta seo do struchtúr na teanga. Mar shampla, níor léigh sé 'tháinig sí chuig an teacht' – ag roghnú briathair in áit ainmfhocail agus ag léamh abairt mhíghramadúil. Tá an focal 'doras' inghlactha san abairt sin, de réir struchtúr na Gaeilge, cé nach é an focal sa téacs é. Cuardaíonn an múinteoir fianaise de thrí mhórstraitéis nuair a dhéanann sí anailís:

B (brí) — Brí agus ciall leis an téacs. An léiríonn an dalta eolas ar an chomhthéacs? An mbaineann sé úsáid as an phictiúr nó as an scéal go dtí sin?

S (struchtúr) — Struchtúr na Gaeilge. An léann an dalta focal atá gramadúil agus atá inghlactha de réir chomhréir na Gaeilge?

A (Amharceolas / Grafeolaíocht) — Eolas amhairc agus Grafeolaíocht. An bhfuil an earráid cosúil leis

an fhocal cheart maidir le patrún na litreacha? Seans gur úsáid an léitheoir eolas foghraíochta nó aitheanta focal nuair a thug sé faoi léamh an fhocail sin.

Torthaí:

Seo cur síos ginearálta ar na leideanna a d'úsáid na daltaí ar 5364 earráid le linn léamh téacs leanúnaigh:

Leideanna

BRÍ (**amháin**)	STRUCHTÚR (**amháin**)	AMHARCEOLAS (**amháin**)	**Foriomlán Earráidí a rinne na daltaí**
285	257	1870	5364

Is léir ón chéad spléachadh seo ar na torthaí go bhfuil na daltaí láidir i mbun úsáid na grafeolaíochta agus eolas amhairc. Is é sin an leid aonair is minice a bhíonn in úsáid. Is samplaí iad seo de dhaltaí ag úsáid aon leid amháin, mar shampla leid amhairc nó brí, le tabhairt faoin fhadhbfhuascailt. Níl fianaise de straitéisí eile in úsáid ag na daltaí seo chomh maith le cros-seiceáil a dhéanamh. Cé gur comhartha maith é go bhfuil an leid amhairc láidir ag a lán daltaí, is fiú na daltaí seo a spreagadh chun straitéisí breise a chur i bhfeidhm leis an fhocal a sheiceáil agus a athsheiceáil.

Seo thíos anailís ar na hócáidí ar bhain na daltaí feidhm as níos mó ná aon straitéis amháin agus iad ag tabhairt faoi fhocal dúshlánach. Rinneadh an anailís seo ar na hearráidí a tharla a) ar théacs ag leibhéal furasta, b) ar théacs ag leibhéal teagascach, agus c) ar théacs ag leibhéal deacair:

Leibhéal deacrachta an téacs	Brí agus straitéis(í) eile	Struchtúr agus straitéis(í) eile	Eolas amhairc agus straitéis(í) eile	Foriomlán earráidí ag gach leibhéal
Furasta	48%	40%	64%	442
Teagascach	38%	36%	62%	1081
Deacair	29%	17%	62%	3841

Úsáideann na páistí eolas amhairc i gcomhar le straitéis(í) eile ar na téacsanna a bhíonn furasta chomh maith le téacsanna a bhíonn ag leibhéal teagascach nó ag leibhéal deacair. Níl difear idir minicíocht úsáid na grafeolaíochta ar na téacsanna éagsúla seo (64%, 62%, 62%). Ciallaíonn sé sin go mbíonn na daltaí ag tarraingt ar an fhoghraíocht agus ar an eolas atá acu ar phatrúin litreacha sa Ghaeilge agus iad ag léamh téacsanna ag gach leibhéal deacrachta.

Is minice a úsáidtear brí agus struchtúr nuair a bhíonn an téacs furasta ná mar a úsáidtear iad ar théacsanna níos dúshlánaí. Cailltear cuid den smacht ar an chomhthéacs agus ar struchtúr na Gaeilge de réir mar a éiríonn na leabhair níos deacra.

Nuair a rinneadh staidéar ar mhinicíocht na leideanna éagsúla de réir aois na ndaltaí in dhá ngrúpa, 5½ – 6½ bliana agus 6½ - 7½ bliana, fuarthas go raibh an patrún sa dá aoisghrúpa cosúil lena chéile. Mar sin féin, tharla ardú suntasach i minicíocht an eolais amhairc a bhí in úsáid i measc na bpáistí is sine.

Cuidiú an mhúinteora a iarraidh (Achainí)

Déantar taifead ar na hócáidí nach ndéanann an páiste iarracht fadhbfhuascailt a dhéanamh ach iarrann sé ar an mhúinteoir an focal deacair a léamh dó. Má deir an páiste, 'Níl a fhios agam sin', nó má chuireann sé ceist, 'Cad é an focal sin?' nó má stopann sé den léamh, is comhartha é go bhfuil an tacaíocht chuí de dhíth ar an pháiste le neamhspleáchas agus muinín a fhorbairt le go mbeidh sé ábalta dul sa seans le hiarracht.

Má dhéanann an páiste féincheartúcháin le linn dó léamh, is fianaise é ar dhul chun cinn i dtreo neamhspleáchais mar léitheoir.

As an 5264 earráid a rinne na léitheoirí óga seo, bhí 207 sampla d'achainíocha (4%).

Iarrann na daltaí san aoisghrúpa 5½ – 6½ cuidiú ar an mhúinteoir beagán níos minice ná mar a iarrann na daltaí 6½ -7½ bliana. Is é an meánlíon achainíocha a dhéanann gach dalta ná:

Aoisghrúpa 5.5-6.5 bliana: 1.05 achainí ag gach dalta
Aoisghrúpa 6.5-7.5 bliana: 0.54 achainí ag gach dalta

De réir mar a éiríonn na téacsanna níos deacra, is minice a iarrann an dalta cuidiú in áit straitéis a úsáid go neamhspleách. Is beag an difear seo mar chéatadán de na hearráidí go léir:

Leibhéal Téacs	Furasta	Teagascach	Deacair
Líon achainíocha	10	35	162
Céatadán de na	2%	3%	4%

hearráidí uile			

Féincheartúcháin

Nuair a dhéanann an léitheoir óg féincheartúchán, taispeánann sé don mhúinteoir go bhfuil sé ag machnamh go tairbheach agus go héifeachtach. Tarraingíonn sé ar scileanna agus ar leideanna le cros-seiceail a dhéanamh ar an fhadhb agus le ciall a bhaint as an chló. Titeann líon na bhféincheartúchán a dhéanann léitheoirí aibí mar is féidir leo earráidí a cheartú agus fadhbanna a fhuascailt ina gcloigeann sula léitear earráidí úra os ard.

I gcás nualéitheoirí, tá féincheartúchán ar na straitéisí atá de dhíth orthu le dul i mbun oibre ar phíosa téacs go héifeachtach. Nuair a dhéanann an dalta féincheartúchán, is comhartha é go bhfuil neamhspleáchas á thógáil aige agus go bhfuil sé ábalta straitéisí a úsáid ar an téacs.

Nuair a rinne na múinteoirí a bhí rannpháirteach sa taighde seo anailís ar na daltaí i mbun léitheoireachta, rinne siad anailís ar na hearráidí agus ar na féincheartúcháin a rinne daltaí. Seo sampla den anailís a rinneadh ar thaifead Chaoimhe, 7 mbliana d'aois:

Téacs: Áthas (1 B). Lth 1	Taifead	Earráid	Féincheartúchán
Cá bhfuil Rírá?	√ raibh √ / bhfuil	ⒷⓈ A	
Chuaigh Lúlú isteach i seomra Rírá.	√ √ √ √ √ √		
Ní raibh Rírá sa leaba.	√ √ √ √ seomra | FC / leaba |	ⒷⓈ A	B S Ⓐ
D'fhéach Lúlú faoin leaba.	√ √ faoi | FC √ / faoin |	ⒷⓈ A	B S Ⓐ
Ní raibh Rírá faoin leaba.	√ √ √ √ √		
"An bhfuil sé sa chófra?" arsa Lúlú.	√ √ √ √ √ √ √		
D'fhéach Lúlú isteach sa chófra agus	√ √ √ i | FC √ √ / sa |	ⒷⓈ A	B S Ⓐ
rug sí ar Rírá.	√ √ √ √		
Ráiteas an mhúinteora:			

Léigh Caoimhe go líofa. D'úsáid sí brí agus struchtúr na Gaeilge agus thug sí faoi gach focal. Bhain sí úsáid as eolas amhairc le féincheartúchán a dhéanamh.

Is léir go bhfuil Caoimhe ábalta tarraingt ar eolas amhairc. Spreagfar í leis sin a dhéanamh níos minice i gcomhar lena straitéisí eile.

As 744 taifead reatha a ghlac múinteoirí le linn do na daltaí sliocht leanúnach as téacs a léamh, seo thíos achoimre ar mhinicíocht féincheartúchán:

Líon na dtaifead reatha	Minicíocht féincheartúchán sna taifid
35	Cheartaigh daltaí níos mó ná ½ de na hearráidí a rinne siad.
76	Cheartaigh daltaí ½ nó níos lú ná ½ de na hearráidí a rinne siad ach níos mó ná aon chúigiú amháin.
77	Cheartaigh na daltaí idir aon earráid amháin as deich gcinn agus aon earráid amháin as cúig cinn.
82	Cheartaigh na daltaí ar a laghad aon earráid amháin, ach níos lú ná aon earráid as deich gcinn.
425	Níor cheartaigh daltaí earráid ar bith a rinne siad.

Ar a bharr sin, ar ndóigh, bhí taifid ann nár tharla earráid ar bith iontu (49 taifead), agus nach raibh deis féincheartúcháin iontu. Nuair a rinneadh anailís ar na féincheartúcháin a rinne daltaí ar théacsanna ag leibhéal furasta, teagascach agus deacair, fuarthas amach go raibh gaol idir minicíocht féincheartúchán agus leibhéal deacrachta na dtéacsanna. Ba mhinice a rinne daltaí féincheartúcháin nuair a bhí siad ag léamh téacs ag leibhéal furasta agus thit líon na bhféincheartúchán de réir mar a d'éirigh an téacs ní ba dheacra.

Bhí céatadán ní b'airde de thaifid na ndaltaí 6.5-7.5 bliana ag leibhéal furasta do na daltaí sin ná mar a bhí na téacsanna a léigh daltaí 5.5-6.5 bliana. Ós rud é go ndéantar níos lú earráidí ar na téacsanna furasta, ní bhíonn an oiread céanna deiseanna féincheartúcháin ann. Mar sin de, is ábhar iontais é go raibh patrún ní ba láidre d'fhéincheartúcháin i measc na ndaltaí atá níos óige. Ní fios, an raibh na daltaí ba shine ag oibriú amach na faidhbe gan an focal contráilte a rá os ard i dtús báire.



Taifid Léitheoireachta: Aoisghrupaí na nDaltaí agus Leibhéil Deacrachta na dTéacsanna

Aoisghrúpa	Leibhéal deacrachta na dtéacsanna	Céatadán d'earráidí a rinne aoisghrúpaí ag 3 leibhéal
5½ - 6	Furasta Teagascach Deacair	32% 21% 47%
6 - 6½	Furasta Teagascach Deacair	30% 25% 45%
6½ - 7	Furasta Teagascach Deacair	37% 25% 38%
7 - 7½	Furasta Teagascach Deacair	39% 27% 33%

Nuair a roghnaigh múinteoirí téacsanna don taifead reatha, iarradh orthu 3 théacs a roghnú do gach dalta, ceann amháin ag gach leibhéal deacrachta. Is léir, gur dúshlánaí téacsanna a aimsiú ag leibhéal teagascach. Is cuí aird a dhíriú ar na ceisteanna a bhaineann le roghnú téacsanna sa dóigh is go n-éascaítear deiseanna ag páistí taithí a fháil ar réiteach fadhbanna ar théacs.

Cloisteáil agus Taifeadadh Fuaimeanna i bhFocail

An bhfuil feasacht fhóinéimeach ag na daltaí?

An gcloiseann siad na fuaimeanna(fóinéimí)ina seicheamh agus an bhfuil siad ábalta litreacha cuí a aimsiú do na fuaimeanna sin?

Aithníonn múinteoirí tumoideachais an tábhacht atá le scileanna éisteachta a fhorbairt i measc daltaí, go háirithe sna luathbhlianta nuair a bhíonn mórchuid na ndaltaí ag tógáil fuaimeanna na sprioctheanga den chéad uair. Cuirtear béim mhór ar rímeanna, ar amhráin, ar dhánta srl sa naíscoil agus cleachtar cluichí agus gníomhaíochtaí éisteachta i naíscoileanna agus i mbunscoileanna lán-Ghaeilge.

Mar sin féin, tá an ceart ag múinteoirí athbhreithniú criticiúil, machnamhach a dhéanamh ar an chur chuige i leith gach gné den churaclam, oilteacht foghraíochta ina measc. Má tharlaíonn nach gcloiseann daltaí fuaimeanna na teanga nó nach dtuigeann siad an nasc idir fuaim agus litir, is cinnte go mbeidh deacracht acu le forbairt na litearthachta.

Ar na mallaibh, ardaíodh próifíl na foghraíochta i gcomhthéacs an bhunoideachais de thairbhe aiseolais dhearfaigh a fuarthas i scoileanna a chuir an clár "Fónaic Shintéiseach" i bhfeidhm. (Select Committee Report "Teaching Children to Read", April 2005). Glactar leis go bhfuil tábhacht le teagasc foghrúcháin san oideolaíocht a threoraíonn teagasc agus forbairt na luathlitearthachta. Is iad an dá cheist a spreagann díospóireacht an lae inniu ná: 'Cad é an stádas ba cheart a bheith ag fónaic i luath-theagasc na léitheoireachta?' agus 'Cén cineál cláir foghrúcháin ba cheart a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna?'

I measc na dtascanna measúnaithe a rinneadh ar dhaltaí lán-Ghaeilge sa staidéar seo, díríodh ar an chumas a bhíonn ag daltaí fuaimeanna a chloisteáil agus iad a scríobh le siombailí cuí. Fiosraíodh 41 fóinéim i ngach tasc measúnaithe. Bhí éagsúlacht fóinéimeanna i gceist idir ghutaí, chonsain, chnuasach consan, dhéfhoghair, chonsain chaola agus leathana. Ní raibh an tasc seo ag fiosrú oilteacht litrithe na ndaltaí agus glacadh le hiarrachtaí a thug fianaise gur chuala an dalta an fhuaim cheart agus gur scríobh sé í le litir nó le litreacha a léirigh an méid sin. Mar sin, má scríobh dalta 'vi' nuair a léigh an múinteoir an focal 'bhí', tugadh iomlán marcanna dó mar glactar leis an litir 'v' don fhuaim [v] i bhfocail áirithe (m.sh. veain).

Rinneadh anailís ar an dóigh ar fhreagair na daltaí do gach fuaim (fóinéim) a bhíonn i bhfocal. Mar shampla, tá 5 fhóinéim san fhocal 'bóthar' cé go bhfuil 6 litir ann. Is iad seo na 5 fhóinéim: /b/ /o:/ /h/ /ə/ agus /r/. Seo thíos céatadán na ndaltaí a chuala an fhuaim cheart agus a bhí ábalta an fhuaim a scríobh ar bhealach inghlactha:

bóthar	b	ó	th (nó h)	a	r
Cruinneas	98%	31%	80%	28%	82%

Tugann an sampla amháin seo léargas suimiúil ar ghnóthachtáil na ndaltaí maidir le foghraíocht. Mar shampla, bhí claonadh ginearálta ag céatadán ard de na daltaí na consain tosaigh a chluinstin agus a scríobh go beacht. Amharc an céatadán ard cruinnis sna samplaí eile seo:

Focail	Cruinneas sa chéad chonsan i measc daltaí 5.5 bliana-7.5 mbliana d'aois.
cat	93%
dul	90%
stop	98%
súgradh	100%
lá	97%
mór	88%

I gcás an fhocail "bóthar" is léir gur thit céatadán na ndaltaí a bhí ábalta an dara fóinéim /o:/ a chlárú go beacht. Níor tugadh an marc don dalta a scríobh 'o' gan an síneadh fada air, mar is fóinéim eile í sin agus, go ginearálta, is minic nach raibh aird ag na daltaí ar an síneadh fada. Sna focail thuas, seo céatadán na ndaltaí a chláraigh an chéad ghuta go beacht:

a 94%	u 73%	o 76%	ú 69%	á 43%	ó 54%

Is léir go dtiteann an céatadán cruinnis sna samplaí seo nuair a bhíonn síneadh fada de dhíth. Ní i gcónaí a tharla an fhadhb leis an síneadh fada, ar ndóigh, ach is minic a bhí sé amhlaidh. Bhí gaol le sonrú idir cruinneas na ngutaí ar a bhfuil síneadh fada agus focail ardmhinicíochta, mar a bhíonn san fhocal 'súgradh' thuas. Bheadh an focal sin foghlamtha ag cuid mhaith de na daltaí óga sin agus ní bheadh stró orthu obair a dhéanamh ar an fhocal.

Ní ábhar iontais é go raibh an céatadán cruinnis ní b'ísle sna gutaí láir i gcás focal C-G-C, mar shampla:

lán	l 85%	á 39%	n 93%

Fuarthas fianaise shuimiúil a thug léargas ar an fhuaim /r/. Bhí céatadán ard daltaí a léirigh gur chuala siad an fhuaim agus gur chláraigh siad í go beacht, mar shampla:

rith	100%
rothar	100% (r tosaigh) 67% (r deiridh)
a**r**	84%

fuar	69%
breithe	59%
cartaí	77%

Is é an áit a raibh deacracht ag daltaí ná aithint agus taifeadadh an ghuta a chuaigh roimh nó i ndiaidh an ‘r’.

Amharc na samplaí thíos a chuireann in iúl nach bhfuil aird ag mórán daltaí ar na gutaí a shuíonn taobh leis an litir ‘r.’. Seo na céatadáin a scríobh na gutaí cuí:

urlár		u- 28%		á- 9%
rothar		-o 56%		a- 33%
bóthar		a- 23%		
orm		o- 36%		
pháirc		á- 17%		
ocras		a- 31%		
orthu		o- 33%		

Bhí patrún suimiúil le sonrú i dtorthaí na ndaltaí maidir leis an fhuaim fhada ‘í’. Feictear an patrún sin sna samplaí seo thíos d’fhocail a scríobh daltaí:

í	Líon daltaí a chuala agus a scríobh an fhuaim /í:/ go beacht	Líon daltaí a rinne clárú míchruinn	Foriomlán daltaí
shuí	20	90	110
cailín	3	10	15
síos	19	24	43
leanaí	7	11	18

Téann ainmneacha litreacha na haibítre i bhfeidhm ar roinnt daltaí a scríobhann ‘e’ in áit ‘í’. Is ionann an claonadh seo a fheictear maidir le roinnt consan fosta, mar shampla, an /d′/ san fhocal ‘deas’. Is minic a scríobh daltaí ‘g’ nó ‘j’ in áit ‘d’. Tugadh faoi deara nach ndearna na daltaí an mearbhall seo nuair a bhí ‘g’ san fhocal. Mar sin de, ní raibh patrún i measc daltaí a scríobh ‘g’ nó ‘j’ ag tús an fhocail ‘dearg’ an fhuaim a scríobh go contráilte ag deireadh an fhocail.

Nuair a fiosraíodh an cumas a léirigh daltaí consan caol a chloisteáil agus a chlárú le guta caol, fuarthas go raibh laige i measc roinnt daltaí. Tugtar faoi deara an titim sa ráta ratha ón chonsan tosaigh caol go dtí an guta caol sna focail seo:

	Consan Tosaigh	An Chéad Ghuta (e)	An Dara Guta (a)
deas	57%	21%	57%
dearg	50%	28%	67%
leaba	60%	33%	64%
leanaí	89%	22%	56%

Coincheapa Cló

Nuair a thosaíonn páiste ar naíscoil nó ar bhunscoil, tugann sé nó sí eolas agus taithí leis /léi. Ní bhíonn léamh ná scríobh acu go fóill, ach is minic a bhíonn dúshraith tógtha cheana féin maidir le coincheapa cló. Cé nach ceart don mhúinteoir glacadh leis go bhfuil seo i gconaí amhlaidh, is gnách le daltaí aonair feasacht éigin a bheith acu ar roinnt dóigheanna a n-oibríonn teanga i gcló. Nuair a thógann páiste óg leabhar Gaeilge den chéad uair ar scoil, an aithníonn sé an clúdach tosaigh? An bhfaigheann sé greim ar an téacs an bealach ceart? An ndéanann sé idirdhealú idir pictiúir agus cló? An dtuigeann sé go n-iompraíonn an cló scéal? An bhfuil ciall aige do thús leabhair agus do dheireadh leabhair? De réir mar a mhéadaítear na deiseanna a bhíonn ag dalta dul i dtaithí ar chló, tógann sé coincheapa eile, mar shampla, an treo ina ngluaiseann an cló; na difríochtaí idir litir, focal agus abairt; patrúin agus seichimh litreacha atá coitianta; poncaíocht. Cuireann Marie Clay i gcuimhne dúinn go bhfoghlaimítear coincheapa cló de réir a chéile. Tá na rialacha a bhaineann le teanga i gcló an-chasta. Mar sin de, tugtar flúirse deiseanna do dhaltaí naíscoile agus luathbhlianta sult a bhaint as leabhair agus feasacht ar chló a thógáil ar a suaimhneas, gan teagasc foirmiúil a bhrú orthu sula mbíonn siad réidh d'eispéireas níos struchtúrtha agus níos foirmiúla. Is é an dúshlán a bhíonn ar mhúinteoirí Ranganna a hAon agus a Dó go háirithe, ná léargas beacht a fháil ar na míreanna eolais atá ag an dalta aonair. Ní hionann na gnéithe cló a ndíríonn gach dalta aird orthu. Mar sin de, tá pointe tosaithe éagsúil ag na daltaí seo maidir le foghlaim agus dul chun cinn. Is tábhachtaí arís an t-eolas sin a bheith ag an mhúinteoir i gcomhthéacs an Churaclaim Shaibhrithe. Molann an Curaclam nua cur chuige i leith fhorbairt na litearthachta atá ag teacht leis an eispéireas teanga a bhíonn ag daltaí lán-Ghaeilge. Sa chóras lán-Ghaeilge cuirtear béim ar fhorbairt na tuisceana agus ar oilteacht scileanna éisteachta agus labhartha mar dhúshraith do shealbhú na Gaeilge agus d'oilteacht litearthachta. Sa timpeallacht foghlama seo, tugtar spás agus am don dalta feasacht ar choincheapa cló a fhorbairt go nádúrtha i gcomhthéacs an tsúgartha.

Rinne 257 dalta, idir 5.5 – 7.5 bliana d'aois, tasc measúnaithe Coincheapa Cló a dhéar Marie Clay agus a ndearnadh iad a athfhorbairt i nGaeilge. Cuireadh riachtanais dhaltaí lán-Ghaeilge san áireamh sa saothar sin. Mar shampla, simplíodh na treoracha ar mhaithe le daltaí atá ag feidhmiú sa dara teanga agus atá ag gnóthachtáil ag luathphointe i sealbhú na teanga sin. Scríobh Marie Clay ceithre leabhar a thugann deis don mhúinteoir an staid ag a bhfuil dalta maidir le coincheapa cló a fhiosrú agus a mheas go beacht. Fiosraítear an tuiscint atá ag dalta ar choincheapa éagsúla ar gach leathanach den leabhar. Is féidir leabhar éagsúil a roghnú leis an tasc a athdhéanamh i ndiaidh tamaill.

Torthaí:

Déantar measúnú ar 23 coincheap éagsúil sa tasc seo. Seo achoimre ar na tréithe den chló atá i gceist sa tasc.

Coincheapa Cló

1.	Clúdach tosaigh - treoshuíomh
2.	Iompraíonn cló scéal
3. 4. 5. 6.	Cá dtosaím ag léamh? Cén treo a dtéim? Aisfhilleadh ar chlé Meaitseáil focal le focal
7.	Céad agus Deireadh
8.	Bun an phictiúir
9.	Cló inbhéartaithe – cá dtosaím ag léamh agus cén treo a dtéim?
10.	Seicheamh línte
11. 12. 13.	Leathanach clé i dtús Aon athrú ar ord focal (seicheamh) Aon athrú ar ord litreacha (seicheamh)
14. 15.	Aon athrú ar ord litreacha (seicheamh) Ciall do ceistmharc
16. 17. 18. 19.	Ciall do lánstad Ciall do camóg Ciall do comharthaí athfhriotail Meaitseáil cás uachtair le cás íochtair
20. 21. 22. 23.	Litir Focal Céad litir agus litir deiridh i bhfocal Ceannlitir



D'éirigh le 81% de na daltaí a chur in iúl gur thuig siad an coincheap a bhain le clúdach tosaigh. Thit an ráta ratha go mór nuair a fiosraíodh tuiscint na ndaltaí ar sheicheamh focal (21%).

Fuarthas an ráta ratha is ísle nuair a fiosraíodh an coincheap a bhain le seicheamh litreacha i lár focail (9%) .

D'aithin níos mó daltaí go raibh ord na litreacha ag tús focal agus ag deireadh focail mírialta, cé go raibh an coincheap sin dúshlánach chomh maith. D'éirigh le 23% de na daltaí an coincheap sin a aithint.

Maidir le poncaíocht, bhí an ráta ratha an-ard i gcás lánstad. Thuig 74% de na daltaí an coincheap sin. Is é an ceistmharc an dara tréith poncaíochta is mó a d'aithin daltaí (47%).

Thit an ráta ratha i gcás tréithe eile poncaíochta. Thuig 11% de na daltaí an chamóg agus thuig 14% de na daltaí comharthaí athfhriotail.

Nuair a fiosraíodh na coincheapa seo de réir aoise, fuarthas amach gurbh é an lánstad an comhartha a thuig mórchuid na ndaltaí óga (5.5-6.5 bliana). Thuig 28% de na daltaí óga seo an comhartha ceiste, thuig 12% acu comharthaí athfhriotail agus thaispeáin 8% acu tuiscint ar an chamóg.

Ní ábhar iontais é gur tháinig méadú éigin ar an ráta ratha i measc daltaí san aoisghrúpa 6.5-7.5 bliana, i gcás gach ceann de na coincheapa cló a fiosraíodh. Bhí méadú mór le sonrú i gcás coincheapa atá bainteach le seicheamh focal, seicheamh litreacha, comhartha ceiste agus ceannlitir.

Ní raibh difear suntasach idir gnóthachtáil gasúr agus cailíní ar na tascanna coincheapa cló. Thuig 7% níos mó cailíní ná gasúir an coincheap 'focal' seachas 'litir'. Ba lú ná sin an difear idir cailíní agus gasúir maidir leis na coincheapa eile. Go ginearálta, fuair cailíní agus gasúir an meánscór céanna ar an tasc coincheapa cló (13 / 23).

Aithint Litreacha na hAibítre

Rinneadh measúnú ar an tuiscint a bhí ag na daltaí ar litreacha aibítir na Gaeilge mar ghné eile den litearthacht atá le forbairt ag an léitheoir óg. Nuair a thosaíonn páistí ar scoil, bíonn cuid acu eolach ar na litreacha a bhíonn ina n-ainm féin go háirithe. Bíonn daltaí aonair eolach ar litreacha éagsúla, measctha faoi litreacha áirithe agus aineolach ar litreacha eile. Is mór an cuidiú ag an mhúinteoir léargas a fháil ar phróifíl gach dalta maidir le litreacha. Go minic, míníonn sé deacrachtaí a bhíonn ag an dalta nuair a tharraingíonn sé ar eolas foghraíochta agus déanann iarracht litir nó litreacha a mheaitseáil le fuaim, nó nuair a tharraingíonn sé ar ghrafeolaíocht le cuidiú leis léamh.

Sa staidéar seo, tugadh deis do na páistí an t-eolas a bhí acu ar litreacha a léiriú de réir mar a mholann Marie Clay ina háis mheasúnaithe (2002, 82-84):

a) Ainm: an t-ainm a thugtar ar litir;
b) Fuaim: an fhuaim a dhéanann litir;
c) Focal: focal ar bith a thosaíonn leis an litir sin.

Torthaí:

Go ginearálta, ba mhó an t-eolas a bhí ag daltaí ar na litreacha sa chás íochtair ná mar a bhí acu ar cheannlitreacha. Maidir leis na ceannlitreacha, is iad na cinn is minice a bhí measctha ag na daltaí ná:

An litir cheart	Mearbhall (an litir ar shíl na daltaí a bheith ann)	Líon daltaí (as 261) a rinne an earráid sin.
I	l / L	19
V	u / U	6
V	y / Y	6
D	b / B	14
É	E / e	62

Ní raibh ach 2 dhaltaí a dúirt ‘D’ in áit ‘B’.Is minice a tharla mearbhall an bealach eile (B in áit D). Déantar na mearbhaill níos minice sa dá threo nuair a bhíonn na litreacha sa chás íochtair.

Tugtar briseadh síos cuimsitheach ar na freagraí a thug daltaí maidir le mórchuid na litreacha sa chás íochtair. Léiríonn an anailís seo an bealach ar roghnaigh na daltaí freagra a thabhairt (m.sh. ainm na litreacha a thabhairt), na litreacha nach raibh ar eolas ag na páistí (neamhaitheanta) agus na cinn a bhí measctha le litir eile (mearbhaill).

Anailís ar litreacha sa chás íochtair

	α	f	m	p	h	b	n	e	o	r	c	u	l	g	t	d	i	s	v	a	g	é
Ainm	243	240	248	240	245	220	238	245	254	249	246	236	161	234	239	216	241	250	208	240	199	171
Fuaim	13	11	11	10	9	7	11	9	7	10	11	9	7	11	11	7	9	11	8	7	9	8
Focal		2											1	1								1
Neamhaitheanta	1	1	1	3	3	4	3	2			1	9	7	4	5	6	8		24	7	33	12
Mearbhaill																						
a				1		1										2					3	2
b	1			1	1											29				2	2	
c		1																				
d						28				1	1	1									1	
e	2			1			2				1			1			1			1		64
f										1		1		1	2							1
g		1		1																1		
h		1	1				3				1			3	1				1			
i													71									
j													1									
k																						
l								1				1		1			2				2	
m							4								1							
n		1										1			1				1			1
o																						
p						1		1						1							1	
q				2										3					1		3	
r		1						1							1					1		1
s																					1	
t	1	2		1	1							1	1							2		
u					1											1			9			
v																			1			
w					1														3		4	
x																						
y				1								2	1						3			
z								1						1					2		1	
á																						
é								1														
í																						
ó																						
ú																						
1													11									
8																					2	

Treoir don mhúinteoir

Nuair dhéanann múinteoirí measúnú ar dhaltaí i mbun na luathlitearthachta, bíonn siad ábalta na torthaí a úsáid chun freagairt do riachtanais na ndaltaí agus chun tacú leo an chéad chéim eile a ghlacadh ón áit a bhfuil siad faoi láthair.

Má fheictear patrúin i dtorthaí na measúnuithe, is cuí machnamh a dhéanamh ar an chlár teagaisc agus ar an chur chuige i leith fhorbairt na luathlitearthachta sa rang.

Bailíodh roinnt fianaise sa staidéar seo de luathiompraíochtaí litearthachta i measc daltaí 5.5 bliana - 7.5 mbliana d'aois. Bíonn aiseolas mar seo suimiúil agus úsáideach ag an mhúinteoir. Tógann cuid den fhianaise roinnt ceisteanna a bheidh le fiosrú amach anseo. Mar sin féin, is féidir aird a dhíriú ar phointí machnaimh do mhúinteoirí agus cláir theagaisc na litearthachta sna luathbhlianta á bpleanáil agus á n-athbhreithniú acu.

Tugann an tuairisc seo spléachadh ar chuid den eolas a fuarthas ar ghnóthachtáil na ndaltaí i ngnéithe éagsúla den luathlitearthacht. Bhí barraíocht aiseolais i gceist le bheith ábalta an t-iomlán a oibriú isteach sa tuairisc seo. Tugann an saothar seo fianaise don mhúinteoir den tábhacht atá le breathnú córasach sa seomra ranga.

- Moltar daltaí aonair a bhreathnú i mbun léitheoireachta agus bealaí éagsúla foghlama a éascú mar thoradh ar na breathnuithe sin. Is minic a dhéanann múinteoirí tagairt d'éisteacht le léitheoireacht mar ghníomhaíocht ranga. Is beaichte *breathnú* ná éisteacht amháin i gcomhthéacs na moltaí seo. Mar is léir ó thorthaí na hoibre seo, tugann na breathnuithe seo a lán eolais don mhúinteoir ar na straitéisí a úsáideann dalta i mbun fadhbfhuascailte. Ní amháin go dtugtar fianaise de na fadhbanna a bhíonn ag an léitheoir óg, ach tugtar eolas ar na hinniúlachtaí agus ar na mearbhaill atá ag dalta ag pointe ama áirithe. Míníonn Marie Clay na himpleachtaí a bhaineann le breathnú córasach don mhúinteoir éifeachtach,

We have learned that effective teachers need :
-to schedule time to observe exactly what their pupils are learning.
-to learn to put into words accounts of the behaviours they observe and what these might indicate.
-to share these tentative hypotheses with colleagues who may or may not agree with them and to think through their own rationale for proceeding to make their own decisions about instruction. (Clay, 1982:xi)

Míníonn Clay na buntáistí a bhaineann le breathnú córasach mar chineál measúnaithe nach bhfuil le fáil ó scóir thrialacha caighdeánaithe amháin, go háirithe i gcás páistí óga. (Clay, 2002, 4-13)

- Ba léir ón anailís a rinneadh ar na daltaí ag léamh téacs leanúnaigh, go mbíonn na páistí ag oiriúnú a rogha straitéisí de réir leibhéal deacrachta na dtéacsanna. Mar shampla, nuair a bhí an téacs deacair ag na daltaí, chaill siad cuid den smacht a bhí acu ar bhrí an

scéil agus ar struchtúr na Gaeilge. Níor laghdaigh siad úsáid an eolais amhairc nuair a bhí an téacs deacair.

Fuarthas céatadán níos airde de dhaltaí ag tarraingt ar na trí mhórstraitéis le chéile nuair a bhí siad ag léamh téacsanna furasta. Is cuí don mhúinteoir pleanáil chúramach a dhéanamh chun taithí léitheoireachta leathan a éascú do na daltaí agus sin a mheaitseáil le cuspóirí foghlama. Mar shampla, spreagfaí líofacht léitheoireachta trí théacsanna furasta a úsáid, ach tugann téacsanna ag leibhéal teagascach deiseanna eile a chuireann dúshlán roimh an léitheoir óg. Taispeánann na torthaí gur fiú na daltaí a spreagadh le cros-seiceáil a dhéanamh, le brí go háirithe, nuair a bhíonn an téacs dúshlánach.

Taispeánann na torthaí seo an tábhacht atá le réamhobair a thugann deiseanna don dalta dul i dtaithí ar na struchtúir teanga a bhíonn sa téacs ag leibhéal teagascach. Tugann Marie Clay 'Intreoir don leabhar nua' ar an mhír de cheacht Aisghabháil na Litearthachta (Reading Recovery) nuair a thugtar an chéad bhlas den téacs nua don pháiste. Molann sí don mhúinteoir:

"Give opportunities for the child to hear and use the new words and structures which he will have to work out from the pictures, the print and the language context. (Sometimes it is necessary for the child to gain control over a particular language structure first, so that he can use it in his reading.)
…….the teacher is ensuring that the child has in his head the ideas and the language he needs to produce when prompted in sequence by print cues." (Clay, 1993, 37)

I gcás an léitheora óig sa tumoideachas, pleanálann an múinteoir éifeachtach gníomhaíochtaí béil mar dhúshraith don léitheoireacht. Pleanálann sé nó sí deiseanna don léitheoir óg an teanga a bheidh de dhíth air sa téacs a chloisteáil agus a chleachtadh ó bhéal roimh ré. Daingnítear an gá leis an chur chuige seo i gcomhthéacs thorthaí an staidéir seo.

- Ceann de na spriocanna litearthachta a bhíonn ag múinteoirí ná tacú lena gcuid daltaí bogadh i dtreo an neamhspleáchais. Thaispeáin torthaí an tsaothair seo go raibh na páistí sásta tabhairt faoi réiteach fadhbanna sa téacs. Nuair a dhiúltaigh páiste dul sa seans, nó nuair a d'iarr siad cuidiú ar an mhúinteoir, taifeadadh 'achainí' ar an taifead reatha. Ba léir gur mhéadaigh líon na n-achainíocha de réir mar a d'éirigh na téacsanna ní ba dheacra. Ní ábhar iontais é sin ach is suimiúil an t-eolas sin ag an mhúinteoir, mar sin féin.

Is comhartha dearfach é go ndéanann páiste féincheartúcháin nuair a thugann sé faoi deara go bhfuil earráid déanta aige. Taispeánann féincheartúcháin go bhfuil an páiste ag déanamh monatóireachta ar an léitheoireacht agus go bhfuil sé ag cros-seiceáil dhá fhoinse leideanna, ar a laghad. Pléann Clay an dea-chleachtas múinteoireachta a chothaíonn na nósanna seo,

"The goal of the teaching is to assist the child to produce effective strategies for

working on text, not to accumulate items of knowledge. It is necessary to develop self-correction by allowing room for self-correction to be initiated by the child. A teacher who allowed only for correct responding would not be allowing the child to learn self-correcting behaviours." (1993:15)

- Fuarthas eolas ar chuid de na tréithe foghraíochta nach bhfuil páistí ag díriú airde orthu le linn na dtascanna measúnaithe ar Chloisteáil agus Taifeadadh Fuaimeanna i bhFocail. Mar shampla, is aiseolas úsáideach é don mhúinteoir an easpa airde a tugadh ar an síneadh fada go minic. Is léir nach gcloiseann roinnt daltaí an guta taobh leis an chonsan 'r'. Fuarthas claonadh i measc roinnt daltaí an litir 'e'a scríobh nuair a chuala siad an fhuaim 'í'. Nuair a aithníonn múinteoirí go bhfuil fianaise ann de phatrúin áirithe i measc daltaí, is furasta béim a dhíriú orthu le linn léitheoireachta comhpháirtí agus gníomhaíochtaí eile a phleanáil chun cuidiú le daltaí na fuaimeanna a chloisteáil agus a scríobh le siombailí cuí. Léirigh na torthaí an bua a thugann roinnt focal ardmhinicíochta do pháistí maidir leis an tasc Cloisteáil agus Taifeadadh Fuaimeanna i bhFocail. I measc na ndóigheanna ar féidir le múinteoir tacú le treisiú na foghraíochta, dírítear aird ar fhocail aitheanta ina dtarlaíonn foghar dúshlánach. Léirigh céatadáin arda smacht ar chloisteáil agus scríobh 'súgradh' (ceann de na focail ardmhinicíochta). Is féidir leis an mhúinteoir an focal seo a chur ar an bhalla agus tacú le páistí liosta focal a dhéanamh ina bhfuil fuaim áirithe. Daingnítear an nasc fuaim–patrún litreacha gach uair a fheictear samplaí den phatrún i leabhar. Cuirtear leis an liosta de réir a chéile.

súgradh
moladh
caoineadh
moladh
séideadh
talamh
déanamh

Tá réimse leathan gníomhaíochtaí agus cluichí foghraíochta, rannta srl. le pleanáil ag an mhúinteoir a thacódh le daltaí a scileanna éisteachta agus cloisteála a ghéarú le bheith ábalta idirdhealú a dhéanamh idir fhuaimeanna agus iad a mheaitseáil le litreacha cuí. Mar shampla, is minic a bhíonn deacracht ag daltaí leis an fhuaim /u/ atá an-chóngarach do na gutaí eile, go háirithe /o/ agus is deacair leo idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Maidir le tréithe eile is leor aird na ndaltaí a dhíriú orthu agus nósanna cruinnis a chothú agus a mholadh. Cloiseann an mhórchuid de na daltaí na gutaí fada go soiléir ach ní bhíonn aird ag cuid acu ar an tábhacht atá le síneadh fada a scríobh san áit chuí. Bhí an easpa airde seo soiléir i dtasc eile a rinne na daltaí sa staidéar seo a d'fhiosraigh eolas ar litreacha na aibítre.

- Tugann an moladh thuas taithí do dhaltaí tairbhe a bhaint as an eolas atá acu cheana le focail neamhaitheanta a oibriú amach. Ba shuimiúil comparáid a dhéanamh idir rátaí ratha na ndaltaí maidir le scríobh focal atá cosúil lena chéile. In amanna, b'ábhar iontais difear a fheiceáil idir scríobh focal ina raibh an patrún céanna. Mar shampla, tarlaíonn difríochtaí suimiúla idir gnéithe den dá fhocal thíos.

Cruinneas i gcloisteail agus taifeadadh na bhfuaimeanna sna focail				
fuair	f 58%	u 42%	a (i) 50%	r 75%
nuair	n 96%	u 38%	a (i) 11%	r 91%

Seans go mbeifeá ag súil le torthaí an-chosúil lena chéile don phatrún láir in '-uair'. Is minice an focal 'fuair' ná 'nuair' i leabhair léitheoireachta na ndaltaí. Tógann sé an cheist faoi oilteacht na ndaltaí ag bogadh ón rud aitheanta go dtí rud níos dúshlánaí. Is cinnte go mbíonn an bua seo de dhíth ar fhoghlaimeoirí óga agus moltar deiseanna teagaisc agus foghlama a éascú leis an bhua seo a spreagadh.

- Maidir le haithint litreacha na haibítre, tugann an anailís thuas eolas cuimsitheach don mhúinteoir ar na litreacha is mó a aithníonn cuid mhaith daltaí agus na háiteanna a mbíonn claonadh ag na daltaí mearbhall a dhéanamh. Cuidíonn an múinteoir éifeachtach le dalta tógáil ar an eolas a bhíonn aige cheana féin. Is í an litir 'o' an t-aon litir a bhí ar eolas ag gach duine de na 261 dalta sa triail seo.

Bhí fianaise ann nach raibh aird ag cuid mhaith daltaí ar an síneadh fada os cionn gutaí. Thug céatadán ard de na daltaí 'e' ar an litir 'é', sa chás íochtair agus uachtair. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil deacracht ag na páistí go léir an 'fada' a aithint. Gan amhras, bhí céatadán acu a d'aithin an comhartha seo ach nár thuig gur gá idirdhealú a léiriú leis an ghuta gan 'fada'. Moltar do mhúinteoirí aird na ndaltaí a dhíriú ar an síneadh fada go nádúrtha, i gcomhthéacs na léitheoireachta i gcomhpháirt agus gníomhaíochtaí foghraíochta, agus an nós a chruthú nach dtugtar neamhaird ar an síneadh fada.

An chéad 100 focal ardmhinicíochta as sampla de 100 luath-théacs léitheoireachta, R1-R3

LIOSTA MINICÍOCHTA AML
(*Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht*)

1	an	26	amach	51	raibh	76	atá
2	ag	27	anois	52	cat	77	anseo
3	tá	28	dul	53	gach	78	san
4	ar	29	amharc	54	chuig	79	thit
5	agus	30	mór	55	leat	80	síos
6	arsa	31	ní	56	teach	81	ithe
7	a	32	beag	57	scoil	82	hata
8	sé	33	suas	58	fear	83	páistí
9	bhí	34	leis	59	thosaigh	84	mála
10	sa	35	mo	60	sásta	85	ach
11	sí	36	bhfuil	61	fuair	86	sneachta
12	siad	37	ina	62	cá	87	luí
13	seo	38	ann	63	mise	88	orm
14	go	39	féach	64	deir	89	rinne
15	na	40	é	65	sin	90	mhaith
16	is	41	léim	66	chuir	91	caoineadh
17	mé	42	chuaigh	67	siopa	92	í
18	daidí	43	liathróid	68	ghairdín	93	cé
19	rith	44	súgradh	69	thig	94	trí
20	maith	45	ó	70	rothar	95	trá
21	liom	46	chonaic	71	ansin	96	bainne
22	níl	47	tú	72	rud	97	uisce
23	isteach	48	do	73	obair	98	dalba
24	mamaí	49	tháinig	74	leaba	99	as
25	le	50	gáire	75	freisin	100	i

Seo thuas an chéad 100 focal minicíochta as 100 leabhar léitheoireachta a bhíonn in úsáid go coitianta i R1-R3. Baineadh amach na hainmneacha pearsanta a tharla i measc an chéad 100 focal. Mar eolas, seo iad na hainmneacha pearsanta a fuarthas ar an chéad 100 focal minicíochta: Liam, Nóra, Micí, Lúlú, Neilí, Róisín.

Leabharliosta

Browne, A. (2001) *Developing Language and Literacy 3-8*. (dara heag.) London: Paul Chapman Publishing

Clay, M. (1982) *Observing young Readers. Selected Papers*. Portsmouth: Heinemann

Clay, M. (1991) *Becoming Literate. The Construction of Inner Control.* Auckland: Heinemann

Clay, M. (1993) *Reading Recovery: A Guidebook for Teachers in Training.* Auckland: Heinemann

Clay, M. (2002) *An Observation Survey of Early Literacy Achievement.* (dara heag.) Auckland: Heinemann

Cummins, J. (2000) Language, Power and Pedagogy. Bilingual Children in the Crossfire. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.

Ní Bhaoill, M. agus Ó Duibhir, P. (2004) *Tús na Léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Plécháipéis, Uimhir 1, Deireadh Fómhair 2004. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Gibbons, P. ((1993) Learning to Learn in a Second Language. Portsmouth:Heinemann

Gibbons, P. (2002) *Scaffolding Language, Scaffolding Learning. Teaching Second Language Learners in the Mainstream Classroom*. Portsmouth: Heinemann

Great Britain Parliamentary House of Commons, Education and Skills Committee (April 2005) *Teaching Children to Read*, Ninth report of Session 2004-2005. HC121. London:Great Britain Parliamentary House of Commons.

Hickey, T. (1997) *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann

Mhic Aoidh, E. (2004) Perspectives of Professional Educators on the Initial Implementation of an Enriched Curriculum in Irish-medium Schools: A Case Study. Tráchtas Mháistreacht an Oideachais, Ollscoil na Banríona, 2004.

Nig Uidhir, G. (2003) Próifiliú sa Luathlitearthacht: Áis Mheasúnaithe do Mhúinteoirí i nBunscoileanna Lán-Ghaeilge. I Róisín Ní Mhianáin (eag) *Idir Lúibíní, Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Baile Átha Cliath: Cois Life

Phonics – the debate www.literacytrust.org.uk